NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht

## Modúl Roghnach

Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach (CFL1SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht.

Tá Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga thar thréimhse dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht | 60 |

# Réasúnaíocht

Tríd an modúl roghnach seo, tugtar deis don scoláire an domhan fisiciúil thart air nó uirthi a fhiosrú. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann leis an timpeallacht fhisiciúil agus idirghníomhaíonn sé nó sí leo. Is iad na timpeallachtaí a cruthaíodh trí ghníomhaíocht dhaonna, den chuid is mó, na cinn is mó a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu. Rinneadh tithe na scoláirí, na ceantair atá timpeall orthu, scoileanna, clóis, bóithre agus talamh feirme na scoláirí a mhúnlú le gníomhaíochtaí daoine agus lena n-idirghníomhaíocht le timpeallachtaí nádúrtha. A bhuí leis an timpeallacht nádúrtha agus lena gnéithe – sléibhte, cnoic agus tírghnéithe eile, farraigí, aibhneacha, córais aimsire agus an aeráid – tugtar d'áiteanna an carachtar sainiúil atá acu. Tá aitheantas ar na gnéithe de thimpeallachtaí de dhéantús an duine agus de chineál nádúrtha, agus ar an gcaoi a bhfuil baint acu le chéile, ina ghné thábhachtach den fheasacht mhéadaitheach atá ag an scoláire ar a thimpeallacht nó ar a timpeallacht.

Is é is aidhm don mhodúl seo spéis an scoláire ina thimpeallacht nó ina timpeallacht a chothú. Trí ghníomhaíochtaí faoin spéir agus rannpháirteachas leis an domhan nádúrtha agus lena thimpeallacht nó lena timpeallacht, cuireann an scoláire leis an léirthuiscint atá aige nó aici ar an dúlra agus ar na tairbhí a bhaineann leis dá chuid nó dá cuid folláine pearsanta.

Cuireann tacaíocht do thuiscint an scoláire ar aire a thabhairt dá thimpeallacht nó dá timpeallacht le príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa tsraith shinsearach. Ach deiseanna a chruthú chun príomhinniúlachtaí a thógáil, tacaítear leis an bhfoghlaim uile ar fud na sraithe sinsearaí agus cuirtear chun cinn forbairt scileanna saoil tábhachtacha. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé nó sí dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn sé nó sí chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, comhdhlúthaítear foghlaim agus eispéiris an scoláire sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu.
Trí Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht, tacaítear le príomhscileanna an scoláire a fhorbairt agus a chur chun cinn, scileanna maidir le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile agus scileanna fóillíochta.

Trí bheith ag plé leis an modúl seo, tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir a chuid nó a cuid foghlama a nascadh le foghlaim roimhe sin i réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí scoile níos leithne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Tacaítear leis an scoláire freisin chun a chuid nó a cuid foghlama ón modúl seo a chur i bhfeidhm ar fud mhodúil agus réimsí curaclaim na sraithe

sinsearaí amhail A bheith Rannpháirteach sa Phobal, a réimse sainspéise, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, OSPS, Amharc-ealaín. Tríd sin, tacaítear le heispéireas foghlama leanúnach sa tsraith shinsearach don scoláire. Tá an méid sin ina chuidiú le foghlaim an scoláire a neartú agus a chur chun cinn, rud a chumasaíonn dó nó di, dá réir sin, braistint gaisce agus muiníne a fhorbairt.

## Teagasc agus foghlaim

Tríd an modúl roghnach seo, cuimsítear gníomhaíochtaí atá saibhir sna céadfaí agus lena dtacaítear leis an scoláire an timpeallacht a fhiosrú trí thadhall, boladh, radharc, blas agus fuaim. Cuidíonn an cur chuige ilchéadfach seo leis an scoláire nascadh lena thimpeallacht nó lena timpeallacht ar bhealach fiúntach. Trí thionscadail chomhoibríocha tacaítear le hidirghníomhaíocht shóisialta agus cumarsáid de réir mar a phléann an scoláire lena phiarghrúpa nó lena piarghrúpa agus leis an bpobal níos leithne.

Téann an scoláire i mbun réimse gníomhaíochtaí atá deartha chun a chumasú dó nó di léirthuiscint a fháil ar an domhan fisiciúil timpeall air nó uirthi. Tá gníomhaíochtaí ar an meán trínar féidir na torthaí foghlama a bhaint amach. Cé go bhfuil gníomhaíochtaí áirithe liostaithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar na gníomhaíochtaí atá ar fáil agus conláistí áitiúla agus ábhair spéise a scoláirí. Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí áirítear an méid seo a leanas ach níl siad teoranta dó: beathú éan, óstán feithidí a choinneáil, limistéar istigh/amuigh a fheabhsú, uisce báistí a bhailiú agus a úsáid, múiríniú, siúlóidí dúlra, bláthanna, síolta, glasraí a chur agus a fhás, glanadh suas an phobail, aire a thabhairt do ghairdíní nó don dúlra. Trí pháirt a thabhairt don phobal níos leithne, amhail grúpaí comhshaoil áitiúla nó gairdíní pobail, soláthraítear acmhainní breise don scoláire agus deiseanna rannpháirteachais ón bhfíorshaol.

Trí thosaíocht a thabhairt d'eispéiris thadhlacha agus idirghníomhacha, is féidir an iliomad céadfaí a mhealladh, rud a fhágann go mbeidh an fhoghlaim níos éifeachtaí agus níos taitneamhaí. D'fhéadfadh an scoláire uigeacht ithreach a bhrath, bláthanna a bholadh, dathanna plandaí a fheiceáil agus fuaimeanna an dúlra a chloisteáil. I gcás inar cuí, úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí oiriúnaitheacha don gharraíodóireacht, agus gléasanna cumarsáide, leideanna amhairc agus réad, is féidir inniúlacht an scoláire a fheabhsú chun bheith ag plé leis an gcuraclam.

# Modúl: Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht

## Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh an scoláire taithí ar chuid mhór gnéithe nádúrtha agus daonna ina thimpeallacht nó ina timpeallacht, pléifidh sé nó sí leo agus bainfidh sé nó sí taitneamh astu. Leis an modúl seo, tacaítear le feasacht agus léirthuiscint mhéadaitheach an scoláire ar an timpeallacht agus ar an bpobal áitiúil dá chuid nó dá cuid, agus lena fhiosracht nó lena fiosracht ina leith.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| An timpeallacht. Fiosraíonn agus tuigeann an scoláire a thimpeallacht nó a timpeallacht agus taifeadann sé nó sí, ar bhealach tacaithe agus córasach, gnéithe nádúrtha agus daonna dá cheantar nó dá ceantar. Forbróidh an scoláire braistint gur leis nó léi féin an áit, agus dá réir sin, tacófar lena bhraistint nó lena braistint pobail áitiúil. | a. Cuid de na gnéithe nádúrtha sainiúla dá thimpeallacht nó dá timpeallacht a aithint<br>b. Cuid de na gnéithe sainiúla de dhéantús an duine dá thimpeallacht nó dá timpeallacht a aithint<br>c. Ainmneacha cuid de na gnéithe nádúrtha agus daonna dá thimpeallacht nó dá timpeallacht a aithint<br>d. Flóra agus fánaí difriúla a bhreathnú agus a aithint<br>e. Daoine, gairmeacha agus pobail a chónaíonn agus a oibríonn sa cheantar, agus a róil sa phobal, a shainaithint<br>f. Gnéithe ar a dtagtar ar ghnáth-thurais a aithint agus a thaifeadadh<br>g. Faisnéisí aimsire simplí a thaifeadadh agus a thaispeáint trí úsáid a bhaint as cairteacha agus/nó siombailí meitéareolaíocha coiteanna<br>h. Dálaí aimsire difriúla agus athruithe ar an aimsir a aithint<br>i. Tionchar na haimsire ar ghnáthaimh laethúla a shainaithint agus a phleanáil |
| Freagracht aonair agus pobail as timpeallachtaí. Tabharfaidh an scoláire go sábháilte faoi ghníomhaíochtaí praiticiúla chun a thimpeallacht nó a timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú. | j. A bheith páirteach in aire a thabhairt do phlanda nó ainmhí ina thimpeallacht nó ina timpeallacht<br>k. An tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt do phlandaí nó d'ainmhithe ina thimpeallacht nó ina timpeallacht a aithint<br>l. Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ag a bhfuil tionchar dearfach ar an timpeallacht, amhail laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh, giniúint dramhaíola agus úsáid uisce |

| | |
|---|---|
| | m. Uirlisí agus trealamh cuí a úsáid go sábháilte le linn tabhairt faoi ghníomhaíocht timpeallachta<br>n. Cleachtais oibre shábháilte a léiriú le linn tabhairt faoi ghníomhaíocht timpeallachta m.sh. lámhainní a chaitheamh<br>o. Gnáthearraí ar féidir athúsáid a bhaint astu a shainaithint<br>p. Ábhar nó earra tí coitianta a athúsáid<br>q. Earra tí coitianta a uaschúrsáil<br>r. Siombailí agus comharthaí a bhaineann le hathchúrsáil a aithint<br>s. Ábhair in-athchúrsáilte a dheighilt i gcatagóirí (plaisteach, páipéar, miotal, srl.) |

